



## AN BÁD

**Pictiúr: Radharc:**

Seán agus Úna ina seasamh sa loch, Daidí tamall uathu ag iascaireacht, na páistí ag gaoch, ansin Daidí ag rith chucu; comhartha ceiste, téad bhrísté, an ghaoth ag séideadh, an bád amuigh i lár an locha, Daidí agus é fliuch báite le cur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte.

*Céim 4.* Bádóireacht, scairdeitleán, léarscáil (Ceacht 2), eala (Ceacht 1), iománaíocht (Cairt 3), cófra (Cairt 3), ag casacht sa leaba.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

**CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT****Cuntas Reatha**

Bhí Daidí ag iascaireacht ar bhruach an locha. Chuala sé na páistí ag gaoch. Rith sé chomh fada leo.

**Agallamh**

DAIDÍ: Cén fáth a bhfuil sibh ag gaoch, a pháistí?

ÚNA: Tá an bád ag dul amach sa loch.

SÉAN: Bhris an téad orainn agus shéid an ghaoth amach é.

DAIDÍ: Ná bíodh eagla oraibh, a pháistí. Gheobhaidh mise an bád daoibh.

**Cuntas Reatha**

Amach le Daidí chomh fada leis an mbád. Rug sé uirthi.

**Agallamh**

DAIDÍ: Seo daoibh an bád.

ÚNA AGUS SÉAN: Go raibh maith agat, a Dhaidí. Ó! tá tú fliuch báite.

**CÉIM 2. AITHRIS****CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH**

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1):

(b) Spreagthaigh chluas:

Céard a bhí ar siúl ag Daidí?

Chuala sé rud éigin?

Céard a rinne sé ansin?

Fiafraigh de na páistí cén fáth a bhfuil siad ag gaoch, a “Dhaidí”. Inis dó, a “Úna”.

Céard a tharla, a “Sheáin”?

Abair leo gan eagla a bheith orthu, a “Dhaidí”.

Agus céard a dhéanfaidh tú féin?

Cá ndeachaigh Daidí? Agus ansin?

Céard a deir tú leo, a “Dhaidí”?

Gabhaigí buíochas le Daidí, a “pháistí”. Agus féachaigí ar a chuid éadaigh!

## CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Bhí Daidí ag iascaireacht ar bhruach an locha.  
(bádóireacht/san abhainn; iománaíocht/sa pháirc; imeacht/sa scairdeitleán; casacht/sa leaba; cuardach/sa chófra, etc.).
2. Chuala sé na páistí.  
(gach lá; amárach; níor, ar? inné; ní, an? amárach; ní, an? gach lá).  
An chéad agus an dara pearsa uatha agus iolra a úsáid anseo freisin.
3. Gheobhaidh Daidí an bád.  
(inné; gach lá; anois\*; dá mbeadh na páistí ag caoineadh; ní, an? inné; ní, an? gach lá; ní, an? amárach).
4. Amach le Daidí chomh fada leis an mbád.  
(Úna/bóthar; Seán/trá; páiste/léarscáil; eala/carraig; feirmeoir/páirc).

## CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Pictiúr a dhéanamh agus scéal a chumadh—lá fómhair—Daidí agus na páistí ag an loch—bád cailte—Daidí ag fáil an bháid.
2. Na páistí ag insint do Mhamá faoi céard a tharla ag an loch.
3. Páistí ag cur síos ar an lá a ndeachaigh siad féin ag iascaireacht.
4. Ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

### I

Bhí Daidí thíos ag iascaireacht  
Agus slat aige ina lámh,  
Nuair a chuala sé na páistí uaidh  
Ag glaoch amach go hard.

\*Tá . . . . . ag fáil.

### II

Rith sé ar ais chomh fada leo  
Agus eagla air 's sceon,  
Ach tháinig áthas air arís  
Bhí na páistí ceart go leor.

### III

Shiúil Daidí 'mach san uisce fuar  
Agus thosaigh sé ag snámh,  
Amach go lár an locha leis  
Agus thug sé 'steach an bád.

*Curfá 1 agus 2*

Cabhair, a Dhaid! Brostaigh ort! Ó tá an bád ar strae.

*Curfá 3*

Hurá, a Dhaid, Hurá a Dhaid, ó táimid uilig slán.

## COMHRÁ MÍFHOIRMIÚIL

### A

An raibh tú ag iascaireacht riamh?  
Cén áit?  
An raibh slat iascaireachta agat?  
Ar rug tú ar aon iasc? (Rug.)  
Cén sórt éisc a bhí ann?  
Ainmnigh roinnt éisc atá ar eolas agat.  
Céard é an t-iasc is blasta dar leat féin? etc.

### B

Druileanna a dhéanamh ar na briathra seo a leanas san Aimsir Chaite, san Aimsir Fháistineach agus san Aimsir Ghnáthláithreach:

### Scuab, Féach.

Ar **scuab** tú do chuid fiacal ar maidin?  
Céard a **dhéanfaidh** tú le do chuid fiacal amárach?  
Céard a **dhéanann** tú leo gach maidin?

Ar **fhéach** tú isteach sa scáthán ar maidin?  
Céard a **dhéanfaidh** tú amárach? (**Féachfaidh** . . . . .)  
Céard a **dhéanann** tú gach lá?